

# Biseach 2009

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige

## Eagarfhocal

Cé gur beag duine, eagraíocht ná gnó nach bhfuil priocadh éicint faighte aige nó aici ón loscadh airgeadais atá gaidhte ar fud na tíre agus an domhain le bliain anuas, is mór an díol misnigh go raibh cuid mhaith de lucht gnó Chois Fharraige flaithiúil lena gcuid fógraíochta don eagrán reatha seo den iris BISEACH. Léiríonn sin go soiléir go bhfuil muintir an cheantair sásta dul ar aghaidh leis an saol in ainneoin na ndeacrachtaí geilleagrach, díreach mar a rinne na glúine a tháinig rompu, chun cuma a choinneáil ar an áit agus brú ar aghaidh lena gcuid oibre agus lena gcuid forbartha. Tuar an mhaith agus gheobhaidh tú í, mar a deir an seanfhocal.

B'fhéidir nach bhfuil rudaí chomh réidh anois agus a bhí sna blianta beaga atá caite, go háirithe ag na daoine óga, ach is maith is cuimhin leis an gcuid is sine againn an saol a bheith i bhfad níos deacra agus gan mórán deise ag aon duine le slí bheatha cheart a bhaint amach. Mar sin fhéin, tháinig na daoine le chéile an t-am sin freisin, bunaíodh coláistí Gaeilge, comharchumainn, ionaid spóirt, agus cuid mhaith eagraíochtaí gnó agus sóisialta eile, rudaí atá againn go fóill agus ná ligeadh muid uainn iad.

Chuipe sin, ní mór don phobal tarraingt le chéile níos mó ná riamh chun cur i gcoinne na saineolaithe rachmasacha seo ón taobh amuigh atá ag moladh deireadh a chur le

heagrais stáit agus le scéimeanna pobail agus deontas a thug croí agus misneach don Ghaeltacht agus do mhuintir na Gaeltachta le blianta fada. Ní fheiceann leithéidí Mhic Cárthaigh agus chomhaltaí an Bhoird Snip ach figiúirí ar pháipéir, ach tuigeann muintir Chois Fharraige go bhfuil níos mó sa saol ná sin mar go bhfuil spreac agus misneach sa bpobal mar a bhí riamh, rud atá léirithe aríst eile ag forbairtí ar nós an Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh atá oscailte go hoifigiúil agus ag seoladh go meidhreathach faoin am seo agus an fhorbairt mhór atá beartaithe ag Cumann Mhícheál Breathnach.

Céimeanna móra don phobal agus don dream óg ach go háirithe an dá mhórobair sin, is fiú tacú go hiomlán leo agus chuile chúnaimh a thabhairt dóibh sna blianta atá romhainn. Díol bróid agus misnigh iad in aon phobal agus cúis dóchais iad don am agus do na glúine atá le teacht.

Mar fhocal scoir, bheirim míle buíochas do chuile dhuine a thug ábhar nó cúnaimh chun BISEACH 2009 a chur ar fáil. Bhí sibh fial flaithiúil mar is gnách agus go mba fada buan sibh. Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo, agus go mbeidh Nollaig mhór mhaith agus bliain nua faoi mhaise agaibh fhéin agus ag mhuintir an cheantair ar fad, sa mbaile agus i gcéin.

## AN CLÁR

| ÁBHAR                     | LCH. |
|---------------------------|------|
| Oscailt an ITT            | 3    |
| An tAth. Stiophán         | 7    |
| Picitúir Scoile           | 12   |
| Tearmann Éanna            | 15   |
| Coláiste Cholmcille       | 17   |
| Scoil Sailearna           | 19   |
| Scoil na Tuláí            | 21   |
| Tigh Dick                 | 24   |
| Coláistí Gaeilge CF       | 25   |
| Bád Bán & Green Dragon    | 27   |
| Ponc                      | 29   |
| Mo Chara Ciarán           | 30   |
| An Bóthar Nua             | 32   |
| Mol an Óige               | 33   |
| Pastime Chonamara         | 36   |
| Muintir Chonchubhair      | 37   |
| Don Rúis le Grá           | 38   |
| Fáilte agus Slán          | 40   |
| Pátrún Cholm Cille        | 41   |
| Cumann Mícheál Breathnach | 43   |
| Coiste na nÓg             | 46   |
| Iománaíocht               | 47   |
| Lá na gClubanna           | 48   |
| Liathróid Láimhe          | 50   |
| Camógaíocht               | 59   |
| Comhghairdeas             | 60   |
| Pictiúir                  | 61   |

*"Ionmhuin liom-sa Connachta  
Ar a áilne ar a uaisle  
Ionmhuin liom Cois Fhairrge  
Ar a aoibhneas ar a uaigneas"  
(Mar a scríobh an Píarsach féin,  
10 Lúnasa 1915)*

*Clúdach tosaigh: An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh i gCois Fharraige.  
Seán Ó Mhainnín a ghlac an pictiúr.*